Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6653/1/26**
**REV 1**

**LIMITE**

**ENV 161**
**CLIMA 85**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Iarrachtaí dícharbónaithe i réimse na haeráide tar éis 2030<br>- Seisiún tuairimíochta |

In oirchill na Comhairle (Comhshaol) an 17 Márta 2026, tá páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna ar na hairí maidir leis an ábhar sin san Iarscríbhinn.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra a thabhairt dá aire agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

**Iarrachtaí dícharbónaithe i réimse na haeráide tar éis 2030**

*- Seisiún tuairimíochta*

PUBLIC

**Cúlra**

Leis an leasú ar an Dlí Aeráide Eorpach[1] ('leasú DAE'), lena n-áirítear an comhaontú maidir le sprioc aeráide an Aontais do 2040, déileáiltear le príomhghnéithe agus prionsabail chreat beartais aeráide an Aontais tar éis 2030. I gcomhréir lena chlár oibre do 2026, meastar go molfaidh an Coimisiún tacar tograí reachtacha sa dara seimeastar de 2026, agus é mar aidhm leo sprioc aeráide 2040 a bhaint amach. Áiritheofar leis sin bealach inchreidte don Aontas i dtreo chuspóir aeráidneodrachta 2050.

**I dtreo creat reachtach tar éis 2030**

Chun baint amach sprioc 2040 a éascú, déantar foráil i leasú DAE maidir le solúbthachtaí, atá le léiriú sna tograí reachtacha atá ar na bacáin. Áirítear orthu sin, i measc rudaí eile:

– ag tosú ó 2036, rannchuidiú leordhóthanach le sprioc aeráide 2040 trí chreidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras, a bheidh cothrom le suas le 5 % de ghlanastaíochtaí an Aontais in 1990, rud a chomhfhreagraíonn do *laghdú* inmheánach 85 % ar *ghlan*astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2040 ar bhealach uaillmhianach costéifeachtach;

– ról na n-aistrithe buana inmheánacha faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA) chun cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí iarmharacha is deacair a laghdú;

– solúbthacht fheabhsaithe laistigh d'earnálacha agus d'ionstraimí agus eatarthu chun tacú le spriocanna a bhaint amach ar bhealach simplí agus costéifeachtach.

---

1 Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1119 a mhéid a bhaineann le sprioc aeráide idirmheánach de chuid an Aontais a leagan síos do 2040 (an Dlí Aeráide Eorpach), a ghlac an Chomhairle an 5 Márta 2026.

Thairis sin, beidh ar aistrithe carbóin rannchuidiú ar bhealach réalaíoch leis an iarracht fhoriomlán astaíochtaí a laghdú. Ag an am céanna, ba cheart éiginnteachtaí a bhaineann le haistrithe nádúrtha a chur san áireamh, agus ba cheart a áirithiú nach mbeadh earnálacha eacnamaíocha eile thíos leis na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit barrachas aistrithe nádúrtha a úsáid chun a n-astaíochtaí in earnálacha eile a chúiteamh.

Leanann leasú DAE treoir na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025 inar cuireadh i dtábhacht gur cuspóirí a threisíonn a chéile iad iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus an t-aistriú glas a chur chun cinn, agus nach mór iad a shaothrú le chéile. Sa chomhthéacs sin, tá roinnt forálacha i leasú DAE arb é is aidhm dóibh a áirithiú go saothrófar, leis an reachtaíocht aeráide atá ar na bacáin, claochlú a bheidh cothrom, cóir, pragmatach, costéifeachtach agus cothrom ó thaobh na sochaí de agus lena gcuirfear san áireamh sainiúlachtaí náisiúnta éagsúla, agus iomaíochas agus rathúnas na hEorpa á ndaingniú.

**Creat beartais tar éis 2030**

Cumhdófar leis an gcreat beartais tar éis 2030 atá ar na bacáin, a mhéid a bhaineann leis an aeráid, an t-athbhreithniú ar CTA AE, ról na spriocanna agus na solúbthachtaí aeráide náisiúnta tar éis 2030, agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as creidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta. Ina theannta sin, áireofar sa chreat beartais tar éis 2030, a mhéid a bhaineann le fuinneamh, bunú na gcreataí um fhuinneamh in-athnuaite agus um éifeachtúlacht fuinnimh a bheidh ann amach anseo agus forbairt an bhonneagair agus na margaí iompair CO2. Mar chuid den chreat nua, glacfaidh an Coimisiún togra freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide (an 'Rialachán maidir le Rialachas').

I gcomhthéacs an chreata tar éis 2030, tá gnéithe áirithe den Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí chomh maith leis an gCinneadh gaolmhar maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi réir athbhreithniú faoin tríú ráithe de 2026. Sa chomhthéacs sin, déanfar measúnú ar choigeartuithe féideartha a bhaineann le heitlíocht, iompar muirí agus suiteálacha do-aistrithe chun a áirithiú go leanfaidh CTA AE de bheith ag rannchuidiú ar an mbealach is costéifeachtaí le cuspóirí aeráide an Aontais. Leis an meastóireacht leanúnach ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, tabharfar treoir thábhachtach don Choimisiún maidir leis na hathbhreithnithe atá ar na bacáin. I gcomhréir le leasú DAE, beidh ar an athbhreithniú tar éis 2030 aistrithe a chuimsiú in CTA AE.

A mhéid a bhaineann leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, ina leagtar amach spriocanna náisiúnta ceangailteacha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'earnálacha lasmuigh de CTA1, agus leis an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (ÚTAÚTF) maidir le haistrithe carbóin in earnáil na talún, rachaidh siad in éag in 2030. I gclár oibre an Choimisiúin do 2026, sceidealaítear an t-athbhreithniú ar spriocanna aeráide náisiúnta agus ar sholúbthachtaí don ráithe dheireanach de 2026. Táthar ag dréim leis go dtabharfar aghaidh sa reachtaíocht ar iarrachtaí náisiúnta chun astaíochtaí a laghdú, ar rannchuidiú na n-aistrithe carbóin nádúrtha agus tionsclaíocha le cuspóir aeráide 2040, agus ar sholúbthachtaí laistigh d'earnálacha agus d'ionstraimí agus eatarthu.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir le leasú DAE, tabharfar aghaidh sna tograí reachtacha atá ar na bacáin freisin ar rannchuidiú na gcreidmheasanna idirnáisiúnta ardcháilíochta faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear ról na gcreidmheasanna idirnáisiúnta san ollstruchtúr tar éis 2030, naisc le hionstraimí eile agus sásra um cheannach creidmheasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Beidh sé tábhachtach sláine na gcreidmheasanna sin a áirithiú agus beidh sé ríthábhachtach chun a áirithiú go mbainfear sprioc 2040 amach.

Leagtar amach sa Rialachán reatha maidir le Rialachas ó 2018 na rialacha maidir le pleanáil, tuairisciú agus faireachán d'fhonn cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Leis an athbhreithniú atá beartaithe don ráithe dheireanach de 2026, rachfar i ngleic le simpliú an rialacháin, rud a fhágfaidh go mbeidh sé oiriúnach don tréimhse tar éis 2030, agus feabhsófar ról na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide mar phleananna láidre infheistíochta.

Ós rud é nach mór an maolú ar an athrú aeráide agus an t-oiriúnú dó a bheith fite fuaite ina chéile, molfaidh an Coimisiún freisin creat comhtháite maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear togra reachtach. Is é is príomhchuspóir dó an Eoraip a dhéanamh níos ullmhaithe agus níos athléimní i leith tionchair aeráide. Beidh sé d'aidhm aige comhthuiscint ar dhálaí aeráide a bheidh ann amach anseo a chur chun cinn i measc lucht ceaptha beartas agus a áirithiú go gcuirfear athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide chun feidhme ar fud na n-earnálacha. Freastalóidh sé ar sholúbthachtaí chun imthosca sonracha gach Ballstáit a chur san áireamh.



PUBLIC

**Ceisteanna**

*Conas is fearr is féidir leis an gcreat aeráide tar éis 2030 tacú le hinfheistíochtaí san aistriú chuig geilleagar atá cothrom ó thaobh na sochaí de, iomaíoch agus dícharbónaithe agus cabhrú go héifeachtach leis na laghduithe astaíochtaí a comhaontaíodh a chur i gcrích idir seo agus 2040?*

*Conas is fearr a d'fhéadfaí solúbthachtaí idir na hearnálacha agus laistigh díobh a chomhtháthú sa chreat tar éis 2030, chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí a áirithiú i ngach earnáil?*

*Conas a d'fhéadfaí creidmheasanna idirnáisiúnta a chomhtháthú in ollstruchtúr an bheartais aeráide tar éis 2030?*

PUBLIC